**Aguisín 1**

# Bord TG4 – Cairt Oibre

**Bunreacht**
Leagann an Chairt seo amach na príomhdhualgais atá ar na Stiúrthóirí.

Tá an Bord mar aonad freagrach as cur chun cinn TG4 agus ag treorú imeachtaí na Corparáide. Bhéarfaidh an Bord treoir straitéise do TG4 agus déanfaidh an Bord monatóireacht leanúnach ar imeachtaí agus éifeacht na bainistíochta.

Beidh an Bord ag feidhmiú i gcónaí ar mhaithe le leas agus cur chun cinn TG4, déanfaidh na Stiúrthóirí a gcuid oibre go coinsiasach agus go cúramach ar mhaithe le leas TG4 de réir mar atá leagtha amach ag an Rialtas agus ag an Roinn Cumarsáide.

**Ballraíocht**
Beidh 12 Stiúrthóirí ag TG4 mar atá leagtha síos san Acht Craolacháin 2009.

Beidh deighilt iomlán idir ról an Chathaoirligh agus ról an Ardstiúrthóra. Beidh an Cathaoirleach i mbun riaradh an Bhoird agus beidh an tArdstiúrthóir i mbun bainistíocht na Corparáide.

**Freagrachtaí an Bhoird**
Beidh an Bord freagrach as:

- Glacadh le Pleananna Straitéise
- Treoir straitéise a thabhairt don chomhlacht, ceapadh Ardstiúrthóra agus cinntiú go bhfuil plean comharbachta ag an Chorparáid
- Ceannas iomlán éifeachtach ar an Chorparáid agus monatóireacht ar an Bhainistíocht agus iad ag cur pleananna agus straitéis an Bhoird i bhfeidhm

- Leagan  síos aidhmeanna straitéise na Corparáide agus  cinntiú go bhfuil dóthain acmhainní airgeadais agus daonna ar fáil ionas gur féidir leis an Chorparáid a spriocanna a bhaint amach

- Aon leasuithe suntasacha a dhéanamh ar leas pinsin an Ardstiúrthóra agus na foirne ag tabhairt san áireamh go bhféadfadh sé go mbeadh cead nó toiliú an Aire riachtanach

- Ceadú ar  Thuairiscí Bhliantúla agus Pleananna Corparáideacha

- Tuarascáil Bhliantúil a chur ar fáil chomh maith le Ráitis Airgeadais na bliana

- Leagan amach agus ceadú ar  bhuiséad agus  Plean Airgeadais cúig bliana

- Monatóireacht leanúnach ar fheidhmiú na Corparáide agus  tuar rialta ar ioncam na bliana

- Taifeadadh ar na fíricí agus na tuairimí a bhíonn mar bhunús do na cinnidh a thógann an Bord lena chinntiú go bhfuil an Chorparáid ag feidhmiú de réir an phlean atá leagtha amach nó cúiseanna bhí le imeacht ón bPlean sin

- Aon chinnidh maidir le díol nó ceannacht acmhainní caipitil, freagracht as ceadú plean caipitil na bliana, conarthaí  móra mar atá aontaithe ag an Bhord, socruithe maidir le iasachtaí agus na polasaithe ar fad atá leagtha síos maidir leis na cleachtais a bhaineann le feidhmeanna airgeadais

- Socrú a dhéanamh maidir le luach agus líon na gconarthaí a bheidh faoi chúram an Bhoird agus nithe eile a thabhairt do chúram na Bainistíochta agus a leithéid a bheith taifeadtha

- Coinneáil taifid chuí chuntasaíochta

- Cosaint, deimhniú agus cothabháil chuí ar acmhainní caipitil na Corparáide

- Seachaint agus  aimsiú aon ráitis mhíchruinn nó aon chailliúint maidir le acmhainní caipitil

- Leagan amach na bpolasaithe agus na bpróiseas le rioscaí agus cleachtais inmheánacha na Corparáide a chosaint.

- Cinntiú go bhfuil dea chleachtais inmheánacha i bhfeidhm le deimhniú réasúnta a thabhairt, nach mbeidh foirfe, maidir le cruinneas na ráiteas airgeadais a chuirtear ar fáil

- Deimhniú go bhfuil an Chorparáid ag cloí  leis na dlíthe, rialachcas  agus cóid éagsúla rialála

- Leagan amach Cód Iompair Corparáideach ag déileáil le aon choimhlint leasa, go háirithe aon rud a bhaineann leis na Stiúrthóirí agus an bhainistíocht

- Cinntiú go bhfuil cothromaíocht chuí ag an Bhord  maidir le cumhacht agus údarás lena chinntiú nach féidir le aon Stiúrthóir aonarach ná grúpa Stiúrthóirí forlámhas a bheith acu ar chinnidh an Bhoird

- Socrú agus monatóireacht a dhéanamh ar an méid eolais atá riachtanach don Bhord le go mbeidh rochtain gan aon teora ag an Bhord ar gach eolas faoin Chorparáid  agus a chuid maoine, agus fáil ag an Bhord ar gach cáipéis agus taifead is gá chuige seo.

- Aithint agus monatóireacht ar gach gnó maraon le cúrsaí airgeadais atá ábhartha don Chorparáid

- Measúnú Riosca

Is féidir leis an Bhord aon dualgas dá chuid a thiomnú do fho-choistí de chuid an Bhoird

**Cruinnithe**

- Beidh cruinnithe ag an Bhord chomh rialta agus a cheapann an Bord atá riachtanach ach beidh ar a laghad ceithre chruinniú Boird ann in aghaidh na bliana. Is féidir le aon chomhalta den Bhord iarratas a chuir faoi bhráid an Chathaoirligh le cruinniú a thionól.

- Bhéarfar fógra cuí ar chruinnithe agus ar an ábhar atá le plé do na comhaltaí.

- Is féidir leis an Chathaoirleach, mar a cheapann sé, cuireadh a thabhairt do Bhainisteoirí chuig cruinnithe agus labhairt ag na cruinnithe sin.

Ginearálta

- Beidh an Bord, agus é ag comhlíonadh a chuid dualgas, in ann comhairle ghairmiúil sheachtrach a lorg d'réir mar is gá.

- Cinnteoidh an Bord go mbeidh teacht ag na comhaltaí ar chomhairle ghairmiúil inmheánach agus sheachtrach le na chinntiú go mbeidh sé in ann a chuid dualgas a chomhlíonadh

- Is féidir na téarmaí tagartha seo a leasú mar is gá, má cheadaíonn an Bord é sin

- Déanfaidh an Bord na athbhreithniú bliantúil ar na Téarmaí  Tagartha seo.

______________ _____________

Cathaoirleach Dáta